Eagrán ar líne: ISSN 2737-7431

# Sraith Fhéileacáin NA hÉIREANN


## Bainistiú gnáthóige i gcomhair an Fhritileáin Réisc



Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta
Clár de chuid na Comhairle Oidhreachta

# RÉAMHRÁ LEIS AN BHFRITILEÁN RÉISC

**Níl ach feithid amháin a bhfuil cosaint dhlíthiúil aici in Éirinn ag an am seo, is é sin an Fritileán Réisc (*Euphydryas aurinia*). Tá cosaint tugtha dó faoin Treoir maidir le Gnáthóga ón AE. Faoi Liosta Dearg na bhFéileacán in Éirinn, rangaítear an Fritileán Réisc mar 'Leochaileach', rud a chiallaíonn go bhfuil sé i mbaol mór a dhíothaithe. Tá an Fritileán Réisc dáilte go forleathan in Éirinn ach is dáileadh bearnach atá ann. Tá titim i líon na bhfritileán mar gheall ar an laghdú sa ghnáthóg atá oiriúnach. Tá sé níos coitianta i lár tíre agus i leath iarthair na tíre.**




Taifid 2010-2020
Ginte ag maps.biodiversity.ie

Is modh atá sna Liostaí Dearga chun stádas na speiceas éagsúil ina ngrúpa tacsanamaíoch a mheas.

## Sainaithint

Tá an Fritileán Réisc ar cheann de na ceithre chineál fritileáin in Éirinn. Is speicis atá sna fritileáin atá idir meánmhéid agus méid mór, dath oráiste orthu den chuid is mó agus patrúin sheiceara dhubha orthu. Tá an Fritileán Réisc ar an gceann is lú den cheathrar agus réise sciathán idir 35 agus 50 mm air agus is air atá na dathanna is gile. Is féidir é a aithint as an bpatrún seicear oráiste agus bánbhuí. Tá banda leathan oráiste ar imeall thaobh uachtair agus thaobh íochtair na heite deiridh agus spotaí dubha i lár gach paiste chearnógaigh. Tá scála datha cosúil ar an bhfo-eite ach go mbíonn an dath níos éadroime agus go mbíonn aon dath donn dorcha in easnamh.



Eite uachtair an Fhritileáin Réisc
© Liam Lysaght



Fo-eite an Fhritileáin Réisc
© Liam Lysaght


# Saolré an Fhritileáin Réisc

ÁI singil a bhíonn ag an bhFritileán Réisc, bíonn na cinn fhásta ar eite ó lár mhí na Bealtaine go lár mhí Iúil, agus an líon is mó díobh i dtús mhí an Mheithimh. Braitheann an fad ama ar eite agus an fheineolaíocht ina hiomláine ar an láthair, ar an gceantar agus ar an aimsir. Beireann na cinn bhaineanna uibheacha ar íochtar dhuille na hOdhraí Ballaí (*Succisa pratensis*) i mbaisceanna de thart ar 300 ubh (uasmhéid 350 ubh). Bíonn na boilb 'tréadúil', rud a chiallaíonn go bhfanann siad lena chéile taobh istigh de leathán síoda cosanta a shníomhann siad ar an Odhrach Bhallach. Ach é a bheith aitheanta, is é an líon sin agus na duillí marbha a bhíonn clúdaithe aige an tslí is furasta chun na boilb a aimsiú.

Feictear na líonta de ghnáth ó dheireadh mhí Lúnasa go dtí lár mhí Mheán Fómhair. Ach braitheann sé sin ar an aimsir agus ar an aeráid áitiúil in aon bhliain ar leith. Uaireanta bíonn líonta na larbhaí le feiceáil chomh deireanach le deireadh mhí Dheireadh Fómhair. Ar láithreacha áirithe ina mbíonn an talamh báite, déantar líonta dlútha bána geimhreachais thart ar 200 mm os cionn an dromchla i gcaithreáil féaraigh agus bíonn siad ansin ar feadh an gheimhridh. Sníomhann na boilb líon dlúth geimhreachais a bhíonn i bhfolach san fhásra ina gcaitheann siad an geimhreadh de ghnáth. Ní fheictear na boilb ach in aimsir ghrianmhar i ndeireadh an fhómhair agus i dtús an earraigh nuair a chaitheann siad cuid mhaith ama á ngrianadh féin ar dhromchla an lín. Tá an grianadh tábhachtach chun teocht choirp na mbolb a ardú ionas gur féidir leo a bheith gníomhach agus a mbia a dhíleá. Ar feadh a bhforbartha, bíonn sé staid fáis sna boilb a dtugtar 'ionstaideanna' orthu. 'Folann' an bolb idir na hionstaideanna agus tar éis an séú hionstaid pupaíonn an bolb idir lár mhí Aibreáin agus lár mhí na Bealtaine.

## An tEarrach

I dtús an earraigh tagann na boilb amach agus déanann siad iad féin a ghrianadh mar phobal ar bharr na mbunduillí chun teocht a gcorp a ardú. Faoin séú hionstaid, an ceann deiridh, bíonn siad astu féin agus níos soghluaiste ná a bhí le linn na staideanna fáis roimhe sin. Scaipeann siad óna chéile sula dtosaíonn siad ag pupú.


Staid phupa an Fhritileáin Réisc ©Eugenie Ryan

Maireann staid an phupaithe thart ar choicís. Is féidir go mbíonn an pupa i ngreim ar dhuillí ísle gar don talamh nó ar chraobhóga le pillín síoda.

**GNÍOMHARTHA EARRAIGH**
Cuardaigh líonta bolb dubh.

## An Samhradh


An Fritileán Réisc i mbun cúplála ©Stephen Bolger

Bíonn na cinn fhásta ar eite de ghnáth ón dara seachtain i mí na Bealtaine, is é an chéad seachtain i mí an Mheithimh an t-am a fheictear an chuid is mó díobh agus is féidir go maireann an tréimhse ar eite go dtí tús mhí Iúil. Tagann na fireannaigh amach roimh na baineannaigh. Tar éis cúplála tosaíonn na baineannaigh ag eitilt, agus lorgaíonn siad an Odhrach Bhallach chun a gcuid uibheacha a bhreith.



Uibheacha an Fhritileáin Réisc faoin Odhrach Bhallach ©Martine Brennan

Ach iad a bheith cúpláilte, beirtear na huibheacha ar thaobh íochtair na nduillí a chothaíonn an larbha, an Odhrach Bhallach, thart ar dheireadh mhí an Mheithimh. Bíonn an chéad bhaisc mór, agus an dara agus tríú baisc níos lú. Tagann na cinn óga amach tuairim is ceithre nó cúig seachtaine níos deireanaí.

**GNÍOMHARTHA SAMHRAIDH**
Cuardaigh cinn fhásta ar eite agus seol taifid chuig an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta.

## An Fómhar

Itheann na boilb duillí na hOdhraí Ballaí i ngrúpaí le linn na chéad trí ionstaid. Nuair a shroicheann na boilb an ceathrú hionstaid, cruthaíonn siad líon dlúth ag bun na báinsí, áit a bhfanann siad go dtosaíonn an beathú arís san earrach.


Líon larbha an Fhritileáin Réisc ©Niamh Phelan

**GNÍOMHARTHA AN FHÓMHAIR**
Glac páirt i Scéim Monatóireachta an Fhritileáin Réisc atá á rith ag an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta.

Lig don Odhrach Bhallach síolú.

## An Geimhreadh

Faoin gceathrú hionstaid bíonn na boilb dubh dorcha, breactha le bán murtallach agus clúdaithe le go leor spíonta. Caitheann siad an geimhreadh i líon dlúth geimhrithe (hibernaculum) a inslíonn iad.


An ceathrú hionstaid de chuid an Fhritileáin Réisc ©Isobel Abbott

**GNÍOMHARTHA AN GHEIMHRIDH**
Críochnaigh srianadh na scrobarnaí, más gá, le linn an fhómhair agus an gheimhridh.





© David Brennan

# Riachtanais speisialta an Fhritileáin Réisc

**Tagann na baineannaigh amach le 300 ubh aibí iontu, a bheag nó a mhór, agus dá bharr sin ní bhíonn siad ábalta eitilt i bhfad ar dtús. Tar éis bhreith na chéad bhaisce bíonn na baineannaigh ábalta eitilt níos faide, rud a chuidíonn lena scaipeadh go limistéir agus go láithreacha nua. De ghnáth, is annamh a eitlíonn cinn fhásta níos faide ná 100 m ón láthair ina mbeirtear iad agus dá bhrí sin faightear na héillíní sna láithreacha céanna ó bhliain go bliain. Ach bíonn líon beag baineannaigh a théann ag fánaíocht níos faide ó bhaile ag teacht chun deireadh an tséasúir, mar sin bíonn cinn aonair le feiceáil ó am go ham i bhfad ó láithreacha póraithe oiriúnacha.**

Tá aiste bia teoranta ag an bhFritileán Réisc in Éirinn, mar a bhfuil na boilb 'monafagach' - rud a chiallaíonn nach n-itheann siad ach planda amháin, an Odhrach Bhallach. Is eol go n-itheann na boilb Cab an Ghasáin (*Knautia arvensis*) taobh amuigh d'Éirinn. Ní dhéanann an Fritileán Réisc pórú ach san áit a bhfásann an Odhrach Bhallach, ach fiú ansin, ní fhaightear pobail shláintiúla ach san áit a mbíonn gnáthóg de cháilíocht oiriúnach ar fáil i mbáinseach a mbíonn struchtúr maith uirthi.




An Odhrach Bhallach © Ben Malone

Itheann an Fritileán Réisc fásta plandaí éagsúla, lena n-áirítear an Biolar Gréagáin (*Cardamine pratensis*), Cam an Ime (*Ranunculus* spp.), An Lus Síoda (*Lychnis flos-cuculi*), An Caisearbhán (*Taraxacum* agg.), An Néalfartach (*Potentilla erecta*), An Feochadán (*Cirsium* spp. agus *Carduus* spp.) An Mhínscoth (*Centaurea* spp.) agus Lus na Seabhac (*Hieracium* spp./*Hypochoeris* spp.).



Cam an Ime
© Paul Green



An Mhínscoth
© Paula O'Meara




An Néalfartach
© Paul Green



An Feochadán Colgach
© David Fenwick



An Caisearbhán
© Liam Lysaght




An Lus Síoda
© Oisín Duffy



An Biolar Gréagáin
© Liam Lysaght

Maireann an Fritileán Réisc i meiteaphobail. Is éard is meiteaphobal ann príomhphobal amháin a bhfuil tacaíocht aige ó fhophobail níos lú. Is féidir go mbeadh coilíneachtaí scoite ann mar thoradh ar bhacainní beaga mar fhálta nó aibhneacha. Bíonn tréimhsí ann ina ndíothaítear na fophobail áitiúla agus laghdaítear líon na bhféileacán taobh amuigh den phríomhphobal sula ndéantar athchoilíniú ar limistéir arís. D'fhéadfadh sé gurb í an aimsir, flúirse na hOdhraí Ballaí agus/nó seadánú ag cineálacha foiche is cúis leis an gcoilíniú tréimhsiúil.

Le linn na dtréimhsí díothaithe áitiúil, tá sé tábhachtach go ndéantar cothabháil ar cháilíocht na gnáthóige ionas gur féidir leis an bhFritileán Réisc athchoilíniú a dhéanamh ar an limistéar nuair a mhéadaíonn líon an phobail arís. Má tharlaíonn sé go dteipeann ar cháilíocht na gnáthóige le linn na dtréimhsí díothaithe, ní dhéanfaidh an Fritileán Réisc an limistéar a athchoilíniú . Ciallaíonn dinimic phobal an Fhritileáin Réisc gur gá an talamh a bhainistiú ar scála tírdhreacha fiú nuair a bhíonn limistéir ann nach bhfuil aon chónaí á dhéanamh ag an bhFritileán Réisc ann. Laghdaíonn an seans go ndéantar speiceas a dhíothú go háitiúil nuair a mhéadaítear méid na gnáthóige oiriúnaí. Má dhéantar gnáthóga a ilroinnt, is é an toradh a bhíonn air sin go mbíonn an speiceas ag brath ar struchtúr an mheiteaphobail.




Bíonn meiteaphobal ann sa chás go ndéanann líon beag aosach as príomhphobal amháin, a thaispeántar i ngorm, malartú le fophobail níos lú, a thaispeántar i gciorcal dubh. Athraíonn méid agus líon na bhfophobal go mór ó bhliain go bliain.

# Bainistiú Talaimh i gcomhair an Fhritileáin Réisc

**Faightear coilíneachtaí i ngnáthóga éagsúla, lena n-áirítear dumhcha gainimh, féarach cailcreach, fraochmhánna agus portaigh. Bíonn an Fritileán Réisc le fáil i láithreacha ina mbíonn an Odhrach Bhallach i láthair agus stádas gnáthóige agus cúinsí bainistithe talaimh fabhrach. Tá ceithre phríomhchúis leis an meath i gcáilíocht ghnáthóige na láithreacha ina mbíonn an Fritileán Réisc:**

1. Draenáil an talaimh i gcomhair feabhsú talmhaíochta.
2. Easpa innilte nó ró-innilt láithreacha, agus níos lú den Odhrach Bhallach agus caillteanas struchtúr fásra mar thoradh air sin.
3. Ilroinnt gnáthóg agus coilíneachtaí níos lú agus níos scoite mar thoradh air sin, rud a chuireann bac ar chruthú agus ar chothabháil struchtúr an mheiteaphobail.
4. Foraoisiú, go háirithe ar láithreacha ar thalamh ard.

## An Odhrach Bhallach


An Odhrach Bhallach
© Udo Schmidt

Itheann boilb an Fhritileáin Réisc an Odhrach Bhallach agus í sin amháin in Éirinn agus dá bhrí sin ní mhairfidh an fritileán dá huireasa. Is iad na dálaí timpeallachta is fearr leis an Odhrach Bhallach méid beag cothaitheach, taise mheánach na hithreach agus pH ard. Mura mbíonn na dálaí sin fabhrach d'fhás na hOdhraí Ballaí , beidh tionchar díreach aige sin ar an bhFritileán Réisc. Má bhíonn an planda ag fulaingt, is féidir go gcuirfí isteach ar an bhFritileán Réisc trí theip ar na larbhaí teacht as baisceanna uibheacha nó sa chás go n-éiríonn leo go mbíonn sé deacair orthu dlús plandaí a aimsiú a chothódh ar feadh a saolré iad. Is buntáiste don Fhritileán Réisc, freisin, nach mbíonn scáth ar an bplanda mar go ligeann sé sin dóibh iad féin a ghrianadh go héifeachtúil.

Is í an chéad chéim sa bhainistiú a bheith ábalta a aithint an bhfuil limistéar áirithe talaimh oiriúnach don speiceas. Ba cheart go mbeadh trí phlanda den Odhrach Bhallach nó níos mó in aghaidh an mhéadair chearnaithe ar feadh níos mó ná fiche faoin gcéad den ghnáthóg i ngnáthóg atá i riocht mhaith i gcomhair an Fhritileáin Réisc.


Ní mór do phlandaí teacht faoi bhláth agus síolú gach bliain chun an brat a chothabháil agus a mhéadú. Bíonn an Odhrach Bhallach an-leochaileach maidir le leibhéal na hinnilte agus leis an mbainistiú (e.g. gearradh luachra) le linn an tséasúir bláthaithe, mar sin ba cheart é sin a sheachaint.

## Lomadh

D'fhéadfadh gur rogha aon uaire chun láithreacha atá ina bhfásach agus tortógach a athshlánú a bheadh sa lomadh. Ach is í an innilt fhairsing an t-aon rogha fadtéarma chun gnáthóg ar dhea-chaighdeán atá oiriúnach don Fhritileán Réisc a chothabháil.

## Struchtúr Báinsí

Is fearr leis an bhFritileán Réisc báinseach struchtúrtha le fásach ar airdí éagsúla ann. In Éirinn, is í an airde fásra is fearr 12-25 cm, ach athraíonn sí sin de réir na gcineálacha éagsúla gnáthóige. Nuair a bhíonn airde fásra éagsúil ann cruthaítear teasghaistí nó 'miocraeráidí' a sholáthraíonn foscadh do na boilb a bhíonn i mbun forbartha agus struchtúr chun deis a thabhairt do na boilb a líon a shníomh. Bíonn easair duillí theolaí thar timpeall ar



| Ní hea | Is ea<br>Airde fásra éagsúil, bruach, athrú fána, tortóg bheag nó pasáil. |
|---|---|

an bplanda bia riachtanach ar an gcuid is mó de na láithreacha póraithe san earrach.

## Bainistiú beostoic

Tharla go dteastaíonn airde báinsí struchtúrtha ón bhFritileán Réisc, moltar innilt eallaigh nó capaill mar is lú innilte roghnaí a dhéanann siad. Is é an sprioc airde báinsí struchtúrtha 12 - 25 cm. Braithfidh an ráta stocála ar bhail reatha na láithreach. Íslíonn eallach meánairde an fhásra trí chineálacha féir a ithe, rud a cheadaíonn don Odhrach Bhallach scaipeadh. Cruthaíonn siad airde fásra struchtúrtha freisin trí phasáil agus trí shatailt. Is fearr tréimhsí fada den innilt éadrom ná tréimhsí níos giorra den innilt dhian. Ba cheart an innilt a shrianadh ar láithreacha fliucha agus gan í a dhéanamh ach amháin san earrach nó sa samhradh. Ar láithreacha níos tirime, d'fhéadfaí innilt ar feadh na bliana a dhéanamh sa chás go mbaintear amach báinseach struchtúrtha le ráta stocála cuí. Ní oireann an innilt a dhéanann caoirigh mar go ndéanann siad innilt gar don talamh agus go gcruthaítear fásra a bhíonn ró-ghearr agus aonghnéitheach.

## Bainistiú scrobarnaí

Teastóidh bainistiú scrobarnaí ar roinnt láithreacha sa chás ina bhfuil an iomarca cúngaithe á dhéanamh ag toim mar an tSail, an tAiteann, an Draighean nó an Dris. Bíonn tairbhe le paistí scrobarnaí mar go dtugann siad foscadh d'fhéileacáin lánfhásta le linn aimsir chrua.

Má thugtar cead a cinn don scrobarnach is féidir léi an éagsúlacht iomlán i limistéar a laghdú agus an t-achar póraithe cuí a laghdú. Ní mór an scrobarnach a bhainistiú ar leibhéal inghlactha mar go n-úsáideann éin agus feithidí eile í le haghaidh foscaidh agus póraithe. Níor cheart í a ghlanadh go hiomlán as an láthair.

Níl cead scrobarnach a ghearradh siar ach amháin taobh amuigh de shéasúr goir na n-éan in Éirinn a mhaireann ón 1 Márta go dtí an 31 Lúnasa mar a shonraítear san Acht Fiadhúlra (Leasú) 2000. Má bhíonn achar mór scrobarnaí le bainistiú ba cheart é a dhéanamh thar roinnt séasúr lomtha chun an iomarca cur isteach a sheachaint. Ba cheart an t-ábhar lomtha go léir a thabhairt amach ón láthair chun an leibhéal cothaitheach a choimeád íseal. Ba cheart d'ainmhithe innilte leibhéal na scrobarnaí a chothabháil trí innilt a dhéanamh ar an bhfás nua agus ar chrainn óga.

# Samplaí de láithreacha an Fhritileáin Réisc

**Trí bhíthin Scéim Monatóireachta an Fhritileáin Réisc, táimid ábalta dhá láthair a shainaithint a bhfuil bainistiú maith i gcomhair an Fhritileáin Réisc á dhéanamh orthu. Tá cuntas thíos ó bheirt tuairisceoirí a ghlac páirt i Scéim an Fhritileáin Réisc ar feadh roinnt blianta.**

## Anaclann Dúlra Phortach na Loilí Móire Thiar, Co. Chill Dara

Tá Anaclann Dúlra Phortach na Loilí Móire Thiar faoi úinéireacht agus bhainistíocht Chomhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann (CCPÉ). Tá an CCPÉ ag obair chun an láthair féaraigh seo a fheabhsú le haghaidh féileacán, go háirithe an Fritileán Réisc. Tá bainistiú gníomhach á dhéanamh ag an CCPÉ chun an Fritileán Réisc a chaomhnú. Sa bhliain 2017, rinneamar measúnú ar an láthair chun na hainmhithe innilte is oiriúnaí a roghnú. Cé gurb é an t-eallach an beostoc a mholtar chun báinseach struchtúrtha a chruthú de ghnáth, measadh nach raibh sé oiriúnach mar gheall ar fhairsinge na Loilí Móire Thiar, linn uisce de dhéantús an duine agus draenacha éadoimhne ar fud na hanaclainne, agus baol an phucháin ae don eallach.

Mar thoradh air sin, chuaigh an CCPÉ i gcomhpháirt le feirmeoir áitiúil agus shocraigh asail a chur ar an láthair ó mhí an Mheithimh go dtí mí Mheán Fómhair. Baineadh úsáid as fál leictreach sealadach chun na hachair innilte a shrianadh. D'ith na hasail an Fionnán (*Molina caerulea*) agus d'ísligh siad airde na báinsí ach d'fhág siad planda bia an Fhritileáin Réisc, an Odhrach Bhallach, gan aon chur isteach air. Déanann asail satailt ar chrainn óga na scrobarnaí, dá bhrí sin ní mór paistí scrobarnaí níos mó agus níos fásta a shrianadh de láimh.



Baintear leas as campaí oibre deonacha gach bliain chun an scrobarnach a shrianadh.  Cruthaíonn glanadh scrobarnaí, innilt agus conairí na n-asal le chéile airdí fásra éagsúla agus dálaí den scoth don fhéileacán. Déanann an CCPÉ riocht na ngnáthóg a mheasúnú chun monatóireacht a dhéanamh ar an limistéar don Fhritileán Réisc agus é a fheabhsú. De bharr ár mbainistíochta tá méadú seasta tagtha ar an Odhrach Bhallach agus tacóidh sin leis an bhFritileán Réisc.

Bíonn saorálaithe á lorg i gcónaí ag an CCPÉ chun cabhrú le cothabháil agus feabhsú na láithreach. Dá mba mhaith leat a bheith páirteach ann, smaoinigh ar na himeachtaí seo:

- Monatóireacht a dhéanamh ar líonta larbhaí an Fhritileáin Réisc san earrach agus san fhómhar.
- Measúnú riocht ghnáthóg larbha an Fhritileáin Réisc a chomhlánú san fhómhar.
- Campaí deonacha chun scrobarnach a ghlanadh ar feadh na bliana.
- Siúlóidí chun féileacáin a aimsiú ó mhí Aibreáin go mí Mheán Fómhair.



© Jesmond Harding

Is féidir le duine ar bith ar suim leis/léi sin ainm a chur le liosta seoltaí teagmhálaithe ag bogs@ipcc.ie áit a bhfaighidh saorálaithe r-phost faoi aon imeacht. Is féidir CCPÉ a leanúint ar Facebook, Twitter agus Instagram chun eolas a fháil faoi na himeachtaí go léir.

**Paula Farrell** – Oifigeach Feachtais ag Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann



Báinseach struchtúrtha i gCill Dhéagláin, Co. Ros Comáin © Jesmond Harding

# Samplaí de láithreacha an Fhritileáin Réisc

## Rinn an Uachtair, Sráid na Cathrach, Co. an Chláir

Is ceann tíre rite atá sáite amach san Aigéan Atlantach, siar ó Shráid na Cathrach i gContae an Chláir, atá i Rinn an Uachtair. Tá sceireacha agus locháin charraige timpeall uirthi agus bíonn an-tóir ag siúlóirí uirthi de bharr a droimníní réidhe agus na radhairc ar an bhfarraige nach bhfuil aon rud ag teacht salach orthu. Is meascán de mhóinéir Molinia, féarach tirim neodrach, féaraigh chailcreacha agus féarach fliuch atá sa láthair. Roinnt méadar isteach ón ngnáthóg bharr aille atá á creimeadh agus ón gcosán, tá an bháinseach níos uigí agus tá barraíocht éagsúlachta: caidhpeanna céaracha, inveirteabraigh fhíorshuimiúla, réimse beatha plandúla, corrchág cosdearg agus corrchrotach, nó corrfhaoileán ag guairdeall san aer.

Bíonn an Odhrach Bhallach i bpaistí dlútha ar na fánáin thirime, agus bíonn sí in easnamh sna loig bháite áit a mbíonn féara garbha dosacha i gceannas. Tá suirbhéireacht á déanamh ar an láthair sin agam ón mbliain 2016 i leith mar chuid de Scéim Monatóireachta an Fhritileáin Réisc atá á rith ag an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta. Tá innilt éadrom á déanamh ag eallach ar an láthair, dlús stocála thart ar 1.5 in aghaidh an heicteáir agus roinnt bheag eachaithe san fhómhar. Idir 2016 agus 2018 thaifead mé 180-260 líon larbha gach bliain. Bhí na mílte féileacán réamh-mheasta ar an láthair 17 heicteár sin. Ach, sa dá bhliain dheireanacha, thit líon na líonta larbha go tubaisteach agus in 2020 níor thaifead mé ach dhá líon larbha ar na traschriosanna ar fud na láithreach go léir. Cé nach bhfuilimid cinnte faoin gcúis gur tharla sin, bhí athrú sa bhainistiú talaimh. Ar mo chuairt dheireanach, bhí tancaer sciodair ar an láthair a d'fhág lorg a bhonn comhbhrúite ar an bhfásra agus duillí triomaithe i láib dhonn. Ní dea-thuar a bhí ann d'éagsúlacht na láithreach cothaithigh a chur léi agus pH na hithreach a athrú. Míniú eile is ea go raibh an Fritileán Réisc ag dul trí thréimhse dhíothaithe áitiúil. Ní mór an láthair sin a chothabháil le líon mór Odhrach Bhallach agus le fásra struchtúrtha le deis a thabhairt don Fhritileán Réisc athchoilíniú a dhéanamh.

> *"Is aoibhinn a bheith i mbun suirbhéireachta ar líonta larbha i ndeireadh an tsamhraidh i gcónaí, amuigh faoin ngrian agus faoi aer úr na farraige, ag siúl fud fad na láithreach áille sin le fáisc-chlár."*
>
> **Penny Bartlett** -an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra




## Príomhghníomhartha

Tá roinnt príomhghníomhartha ar cheart duit smaoineamh orthu más úinéir talaimh tú a bhfuil an Fritileán Réisc feicthe agat:

- ✔ Déantar an Fritileán Réisc a dhíothú go háitiúil ó am go ham agus tá sé tábhachtach cáilíocht na gnáthóige a chothabháil le ceadú don Fhritileán Réisc athchoilíniú a dhéanamh.
- ✔ Ba cheart duit ligean don Odhrach Bhallach síolta a chur gach bliain chun ligean don phobal ráthú mar go mbraitheann boilb air chun maireachtála. Tá sé tábhachtach foinsí bia eile a bheith ann i gcomhair na bhféileacán fásta agus iad ar eite.
- ✔ Bíonn an ráta stocála beostoic ag brath ar stádas reatha na láithreach. Is é an cuspóir atá ann báinseach struchtúrtha 12-25 cm ar airde.
- ✔ Soláthraíonn scrobarnach gnáthóg le haghaidh éin ghoir agus feithidí, féileacáin ina measc. Is tairbheach iad limistéir theoranta scrobarnaí, ach ba cheart iad a bhainistiú sa tslí nach bhfaighidh siad an ceann is fearr ar an láthair.

# Bí páirteach

## Cuir isteach sonraí ar aon amharc

Má fheiceann tú an Fritileán Réisc agus má bhíonn tú muiníneach as do shainaithint, cuir isteach na sonraí, más é do thoil é, chuig Tairseach Eolaíocht Saoránach na hÉireann https://records.biodiversityireland.ie/nó bain úsáid as aip Ghabhála Sonraí Bithéagsúlachta.

Cuidíonn sin linn tuiscint níos fearr a fháil ar an áit a bhfaightear an Fritileán Réisc ar fud na hÉireann, eolas atá tábhachtach má táthar lena chaomhnú.




## Cuidigh le suirbhéireacht a dhéanamh ar láithreacha póraithe an Fhritileáin Réisc

Tá Scéim Monatóireachta an Fhritileáin Réisc á stiúradh ag an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta. Déanann sin stádas phobail na bhFritileán Réisc ar fud na hÉireann a rianú. Tá sé á eagrú i gcomhpháirt leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann agus Butterfly Conservation Northern Ireland. Tá sé de riachtanas na scéime sin go ndéanfadh saorálaithe suirbhé ar láthair phóraithe oiriúnach uair amháin in aghaidh na bliana. Is é an phríomhthréimhse suirbhéireachta chun monatóireacht a dhéanamh ar líonta an Fhritileáin Réisc ó dheireadh mhí Lúnasa go lár mhí Mheán Fómhair. Ach braitheann sé sin ar an aimsir in aon bhliain ar leith agus ar an aeráid san áit a bhfuil cónaí ort in Éirinn. Uaireanta bíonn líonta na larbhaí le feiceáil chomh deireanach le deireadh mhí Dheireadh Fómhair.

Tuilleadh eolais ar fáil anseo https://biodiversityireland.ie/surveys/marsh-fritillary-monitoring-scheme/

## Cuidigh le monatóireacht a dhéanamh ar phobail na bhféileacán

Is scéim monatóireachta náisiúnta atá i Scéim Monatóireachta Fhéileacáin na hÉireann mar a siúlann taifeadóirí deonacha traschrios socraithe gach seachtain ón 1 Aibreán go dtí an 30 Meán Fómhair.
Cuireann an scéim sin mionsonraí ar fáil dúinn maidir le pobail na bhféileacán agus tugann cuntas ar an gcaoi a bhfuil an t-athrú aeráide agus úsáid an talaimh ag cur isteach orthu.



Scéim Monatóireachta Fhéileacáin na hÉireann

*Is scéim monatóireachta náisiúnta atá i Scéim Monatóireachta Fhéileacáin na hÉireann mar a siúlann taifeadóirí deonacha traschrios socraithe gach seachtain ón 1 Aibreán go dtí an 30 Meán Fómhair.*



© Michael John OMahoney

Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta

Clár de chuid na Comhairle Oidhreachta

# Maidir leis an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta

Is ionad náisiúnta atá san Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta a bhailíonn agus a bhainistíonn sonraí chun acmhainn fiadhúlra na hÉireann a thaifeadadh, agus chun cuntas a choinneáil ar an tslí a bhfuil sí ag athrú. Faigh amach cén bhithéagsúlacht atá taifeadta cheana i do cheantar áitiúil ar mhapaí bithéagsúlachta **https://maps.biodiversityireland.ie/**

## Príomhthagairtí


Byrne, D. and Moran, J. (2018). Best practice guidelines for managing lowland species-rich grasslands and Marsh Fritillary grassland habitat in north-west Ireland. Report prepared for the European Commission, DG Environment, Agreement No. 07.027722/2014/697042/SUB/B2.

Fowles, A., Smith, R. (2006). Mapping the Habitat Quality of Patch Networks for the Marsh Fritillary *Euphydryas aurinia* (Rottemburg, 1775) (Lepidoptera, Nymphalidae) in Wales. *Journal of Insect Conservation*. **10**, 161–177

Preston, J., McEvoy, P. & Reid, N. (2008) Monitoring of Devil's-bit Scabious as a likely means of assessing the conservation status of the Marsh Fritillary butterfly. Report prepared by Quercus for Environment & Heritage Service, Northern Ireland, UK.


## Lua


Phelan, N., Nelson, B., Harding, J. & Lysaght, L. (2021)
Sraith Fhéileacáin na hÉireann
Uimhir 1 Bainistiú Gnáthóige i gcomhair an Fhritileáin Réisc.
Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, Port Láirge.


## Aistricúchán


Padraic de Bhaldraithe.


Is sraith treoirlínte a foilsíodh chun cuidiú le caomhnú na bhféileacán in Éirinn atá i Sraith Fhéileacáin na hÉireann. Chun teacht ar thuilleadh eolais agus ar acmhainní úsáideacha eile, féach **www.biodiversityireland.ie**

## Dearadh:


Vitamin Creative Ltd.


## Sraith Fhéileacáin na hÉireann





An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing, Local Government and Heritage

Is clár de chuid na Comhairle Oidhreachta atá san Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta agus tá sé á fheidhmiú faoi chomhaontú seirbhíse ag Compass Informatics. Tá an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta á mhaoiniú ag an gComhairle Oidhreachta agus An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.